# Bainisteoir TF - Riarachán Córas

## Conradh Buan

Is mian le TG4 Bainisteoir TF - Riarachán Córas a earcú a bheidh lonnaithe i gCeanncheathrú TG4 i nGaeltacht na Gaillimhe. Ag tuairisciú don Stiúrthóir Teicneolaíochta, cuirfidh an té a bheidh sa ról seo seirbhísí tacaíochta teicniúla agus deisce cabhrach ar fáil do chórais TF TG4.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déantar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, stádas sibhialta, cine agus eitneacht, míchumas, stádas teaghlaigh, creideamh ná ballraíocht den Lucht Siúil. Tá dearcadh dearfach ag TG4 i leith na héagsúlachta. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla. Tacaíonn TG4 le fostú daoine faoi mhíchumas.

## An Ról

Beidh deis ag an iarrthóir rathúil don ról seo príomhstraitéisí TF a mhúnlú agus a stiúradh laistigh de TG4. Oibreoidh siad i dtimpeallacht chomhoibríoch thacúil foirne agus gheobhaidh siad léargas ar theicneolaíochtaí spreagúla, córais a thacaíonn le hoibríochtaí craolta agus meán ina measc.

**Áireofar ar dhualgais an róil sin na cúraimí seo a leanas, ach ní bheidh sé teoranta dóibh:**

- Ár bhfoireann inmheánach TF a threorú agus a bhainistiú, agus cultúr den nuálaíocht, comhar agus cuntasacht a chothú.
- Polasaí cibearshlándála a mhúnlú agus a chur i bhfeidhm - lenár gcórais agus ár sonraí a chosaint.
- Ár dtimpeallacht Microsoft 365 a riaradh - dea-chleachtais rialachais a chinntiú.

- Ár mbogearraí ar an láthair agus néalbhunaithe a mhaoirsiú - sláine agus feidhmíocht an chórais a chothabháil.
- Tacú lenár n-imscaradh bogearraí mar sheirbhís, agus ard-infhaighteacht agus iontaofacht a chinntiú.
- *Active Directory* agus Aitheantas *Entra* a bhainistiú, aitheantas agus rialú rochtana a láimhseáil.
- Páirt a ghlacadh i dtionscadail infreastruchtúir líonra inmheánacha, ag cuidiú le réitigh inscálaithe a dhearadh agus a chur in úsáid.
- Rialacha agus polasaithe ballaí dóiteáin a mhaoirsiú, agus slándáil agus comhlíontacht líonra a chinntiú.
- Straitéisí cúltaca agus polasaithe cosanta sonraí a fhorbairt agus a choinneáil.
- Cur i bhfeidhm polasaí maidir le húsáid sonraí agus ríomhairí a mhaoirsiú.
- Cláir oiliúna TF a fhorbairt agus a stiúradh don fhoireann agus comhoibriú leis an Rannóg Acmhainní Daonna chun feasacht agus comhlíontacht a mhéadú.
- Cabhrú le nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha TF (SOPanna) agus doiciméadacht a fhorbairt.
- Tacú le bainistiú paistí, próisis bainistithe athruithe agus ard-infhaighteacht infreastruchtúir chriticiúil a chinntiú.
- Aon fhreagrachtaí réasúnta eile a mheasann an Stiúrthóir bunaithe ar riachtanais an ghnó.

**Riachtanais an Phoist:**

- Cáilíocht Leibhéal 8 nó níos airde in Eolaíocht Ríomhaireachta, Teicneolaíocht Faisnéise nó i réimse gaolmhar.
- Trí bliana taithí ar a laghad i ról riaracháin TF, laistigh d'fhiontar bheag nó mheánmhéide (FBM) nó níos mó.
- Taithí láidir phraiticiúil ar *Active Directory*, *Entra ID* agus *Intune*.
- Sárscileanna cumarsáide agus meon réamhghníomhach atá dírithe ar réitigh.
- Tuiscint láidir ar dhea-chleachtais rialachais TF, teicneolaíochtaí néalríomhaireachta, agus cibearshlándála.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4. Is riachtanas é go mbeifeá sásta an Ghaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh san ionad oibre agus cuirfear ceachtanna ar fáil nuair is gá.

Tá polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm i TG4.

**5pm, Dé Luain an 25 Lúnasa 2025, an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir chumhdaigh chuig cv@tg4.ie**

**Eolas Breise don Iarratasóir**

**Grád an Phoist:** Grád 3

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Mar gheall ar riachtanais an phoist, táthar ag súil le solúbthacht ó am go ham, lena n-áirítear obair lasmuigh d'uaireanta oifige, roinnt deireadh seachtaine agus laethanta saoire bainc.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 23 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:**

Seans go mbeidh taisteal i gceist ó am go ham mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí Eile le bheith ag obair le TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe<br>• Táillí Ballraíochta Gairmiúla | • Pinsean Ranníocach<br>• Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• Scéim na Rothar chun Oibre |